FÓGRAÍ Ó THRÍÚ TÍORTHA

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11044 — Dericheburg / Elior)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 89/07)

1. An 2 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Groupe Derichebourg ("Derichebourg", an Fhrainc),

— Elior Group SA ("Elior", an Fhrainc).

Gheobhaidh Derichebourg rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Elior ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Dericheburg gníomhach, go príomha sa Fhrainc, in earnálacha na seirbhísí comhshaoil (bailiú agus aisghabháil dramhaíola, seirbhísí pobail, mar shampla, bailiú dramhaíola tí) agus seirbhísí do ghnólachtaí agus don phobal (seirbhísí i nglaineacht, obair ghníomhaireachta shealadach, seirbhísí aerloingseoireachta seachfhoinsithe, bainistiú agus oibriú suiteálacha teicniúla i bhfoirgnimh, etc.),

— Tá Elior gníomhach, go príomha sa Fhrainc, sna hearnálacha lónadóireachta coitinne agus seirbhísí do ghnólachtaí, do riaracháin agus d'údaráis phoiblí, i dtéarmaí glaineachta, bainistiú teicniúil agus riaracháin foirgneamh nó bainistiú saoráidí (seirbhísí fáiltithe agus concierge, gnáthchothabháil, etc.) agus bainistiú limistéar glas.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11044 — DERICHEBOURG / ELIOR

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

Commission européenne
Direction générale de la concurrence
Greffe des concentrations
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË